Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

**PREASEISIÚINT Uimh. 58/22**

Lucsamburg, 5 Aibreán 2022

Preas agus Eolas

Breithiúnas i gCás C-140/20
Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile

# Deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go gcuirtear toirmeasc le dlí an Aontais ar shonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le cumarsáid leictreonach a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach chun cionta tromchúiseacha a chomhrac

*Ní fhéadfaidh cúirt náisiúnta teorainn a chur leis na héifeachtaí ama ar dhearbhú go bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear coinneáil den sórt sin neamhbhailí*

I Márta 2015, gearradh príosúnacht saoil ar G. D. mar gheall ar dhúnmharú mná in Éirinn. Agus é i mbun achomhairc i gcoinne a chiontaithe os comhair Chúirt Achomhairc na hÉireann, rinne sé líomhain, go háirithe, gur ghlac an chúirt chéadchéime go héagórach le sonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le glaonna teileafóin mar fhianaise. Ar mhaithe le cur in aghaidh inghlacthacht na fianaise sin in imeachtaí coiriúla, thionscain G. D. imeachtaí sibhialta os comhair Ard-Chúirt na hÉireann agus dearbhú á lorg aige go raibh forálacha áirithe d'Acht 2011 lena rialaítear na sonraí sin a choinneáil agus rochtain a fháil orthu ar an bhforas go raibh a chearta faoi dhlí an Aontais á sárú le hAcht 2011. Trí bhreith an 6 Nollaig 2018, sheas an Ard-Chúirt le hargóintí G. D. Rinne Éire achomharc in aghaidh na breithe sin os comhair Chúirt Uachtarach na hÉireann, arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo.

Lena tarchur chun réamhrialú, d'iarr an Chúirt Uachtarach soiléiriú maidir leis na ceanglais faoi dhlí an Aontais i dtaobh na sonraí seo a choinneáil chun cionta tromchúiseacha a chomhrac agus maidir leis na cosaintí is gá i dtaobh rochtain a fháil ar na sonraí seo. Thairis sin, fiafraíonn sí chomh maith faoi raon feidhme agus éifeacht ama aon dearbhú neamhréireacht a d'fhéadfadh a bheith le déanamh ag an gcúirt sin, ós rud é gur glacadh le hAcht 2011 de chuid na hÉireann chun Treoir 2006/24/CE[1], a thrasuí, treoir a dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais a bheith neamhbhailí i mbreithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* [2].

Ina breithiúnas, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnas, ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, ar an gcéad dul síos, a chuid cásdlí chomhsheasmhaigh[3] dá réir go **gcuirtear toirmeasc le dlí an Aontais**[4] **ar bhearta reachtacha náisiúnta lena bhforáiltear, mar bheart coisctheach, sonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le cumarsáid leictreonach a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach chun cionta tromchúiseacha a chomhrac**.

---

[1]Treoir 2006/24/CE maidir le coinneáil sonraí a ghintear nó a phróiseáiltear i ndáil le seirbhísí cumarsáide leictreonacha a chuirtear ar fáil go poiblí nó líonraí cumarsáide poiblí a sholáthar agus lena leasaítear Treoir 2002/58/CE (IO 2006 L 105, lch. 54).

[2] Breithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile*, C-293/12, (féach CP Uimh. 54/14).

[3] Breithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile*, C-293/12; Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile*, C-203/15 et C-698/15 (féach CP Uimh. 145/16); Breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Privacy International*, C-623/17, agus *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, C-511/18, C-512/18 agus C-520/18 (féach CP Uimh. 123/20); agus Breithiúnas an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha rochtana ar shonraí maidir le cumarsáid leictreonach)*, C-746/18 (féach CP Uimh. 29/21).

[4] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), arna leasú ag Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 ("an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach") léite i bhfianaise Airteagail 7, 8, 11 agus 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Go deimhin, ní hamháin go rialaítear rochtain ar a shonraí den sórt sin leis an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach trí chosaintí chun mí-úsáid a chosc, ach cumhdaítear léi go háirithe an **prionsabal go ndéanfar stóráil na sonraí lena mbaineann a thoirmeasc** chomh maith. Is ionann na sonraí seo a choinneáil, de pháirt, agus maolú ar an toirmeasc ar stóráil na sonraí sin agus, den pháirt eile, cuir isteach ar na cearta bunúsacha maidir le hurraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta, a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt.

Cé go gceadaítear leis an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach do na Ballstáit srianta a chur leis na cearta agus na hoibleagáidí sin chun coireacht a chomhrac go háirithe, ní mór do na srianta den sórt sin, áfach, prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh. Éilítear leis an bprionsabal sin go gcomhlíonfar ní amháin na gceanglas oiriúnachta agus riachtanais, ach an ceanglas maidir le **comhréireacht** na mbeart sin i ndáil leis an gcuspóir atá á shaothrú. Dá bhrí sin, rialaigh an Chúirt cheana féin nach féidir leis an gcuspóir maidir le coireacht thromchúiseach a chomhrac, dá bhunúsaí is atá sé, údar a thabhairt ann féin do bheart i ndáil le sonraí tráchta agus suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, amhail an beart a fhoráladh le Treoir 2006/24/CE a mheasadh mar bheart atá riachtanach. Ar an dul céanna, ní fhéadfadh fiú oibleagáidí dearfacha na mBallstát maidir le rialacha a bhunú chun cionta coiriúla a chomhrac go héifeachtach, údar a thabhairt le cur isteach tromchúiseach den sórt sin ar chearta bunúsacha an daonra iomláin nach mór, agus an cur isteach atá i gceist le reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear coinneáil na sonraí tráchta agus na sonraí suímh den sórt sin, gan a bheith in ann nasc indíreach ar a laghad, a nochtadh le sonraí na ndaoine lena mbaineann leis an gcuspóir atá á shaothrú.

Meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais chomh maith go bhfuil oibleagáidí dearfacha éagsúla ar na húdaráis phoiblí faoin gCairt, amhail, mar shampla, bearta dlí a ghlacadh ar chuspóir dóibh an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a chosaint, cosaint an bhaile agus cosaint cumarsáide, agus freisin, maidir le hiomláine coirp agus mheabhrach an duine a chosaint chomh maith, mar aon leis an toirmeasc ar cheastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach. Dá bhrí sin, is fúthu atá sé **comhréiteach a aimsiú idir na leasanna agus na cearta dlisteanacha éagsúla atá i gceist**. Go deimhin, ní féidir cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú gan aird a thabhairt ar an riachtanas le comhréiteach a fháil idir an chuspóir sin agus na cearta bunúsacha a ndéanfar difear dóibh leis an mbeart, trí **chothromaíocht** a bhaint amach idir an cuspóir leasa ghinearálta de pháirt agus na cearta atá i gceist den pháirt eile, trína fhíorú an bhfuil tábhacht chuspóir an leasa phoiblí a shaothraítear leis an srian sin i gcomhréir le tromchúis na srianta sin.

De bharr an mhéid seo, dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais *inter alia* na hargóintí go bhféadfaí caitheamh leis an gcoireacht atá thar a bheith tromchúiseach mar bhagairt ar an tslándáil náisiúnta atá iarbhír faoi láthair nó go bhféadfaí a thuar agus lena bhféadfaí údar a thabhairt le beart lena gcoinnítear sonraí tráchta agus sonraí suímh go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar feadh tréimhse teoranta ama. Go deimhin, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir bagairt den sórt sin, de réir a nádúir, a thromchúisí is atá sí agus sainiúlacht a n-imthosca a bhaineann léi ón mbaol ginearálta agus buan go dtarlóidh teannas nó go gcuirfí isteach, fiú go tromchúiseach, ar an tslándáil phoiblí nó go ndéanfaí cionta coiriúla tromchúiseacha.

Os a choinne sin, ar an dara dul síos agus a cásdlí roimhe sin á dheimhniú aici, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach gcuireann dlí an Aontais toirmeasc ar bhearta reachtacha lena bhforáiltear, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus chun bagairtí tromchúiseacha ar shlándáil an phobail a chosc:

- **do choinneáil sonraí tráchta agus sonraí suímh ar bhonn spriocdhírithe**, de réir chatagóirí na n-ábhar sonraí nó trí bhíthin critéir gheografacha;

- **seoltaí IP atá curtha i leith foinse cheangail a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach;**

- **do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí a bhaineann le céannacht shibhialta úsáideoirí na modhanna cumarsáide**, agus

- **caomhnú** brostaithe (*quick freeze*) sonraí tráchta agus sonraí suímh atá ag na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí seo. (67, 101).

Tugann an Chúirt Bhreithiúnais soiléirithe éagsúla i dtaobh na catagóirí difriúla beart seo.

Ar dtús báire, féadfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla beart coinnithe ar bhonn spriocdhírithe a ghlacadh atá bunaithe ar chritéar geografach, amhail, go háirithe, meánráta na coireachta i limistéar geografach ar leith, gan ghá go mbeadh fianaise nithiúil acu maidir le coireacht thromchúiseach a ullmhú nó a dhéanamh sna limistéir lena mbaineann. Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais leis sin gur dócha go gcuirfidh beart coinneála den sórt sin a dhíríonn ar áiteanna nó ar bhonneagar ina mbíonn líon mór duine go minic nó ar áiteanna straitéiseacha, amhail aerfoirt, stáisiúin iarnróid, calafoirt nó limistéir dola, ar chumas na n-údarás inniúil faisnéis a fháil faoin láithreacht, i. na háiteanna nó na limistéir gheografacha sin, na ndaoine go léir a úsáideann modhanna cumarsáide leictreonaí iontu agus chun tátail a bhaint as an méid sin maidir le láithreacht agus gníomhaíocht na ndaoine sin sna háiteanna nó sna limistéir gheografacha sin chun coireacht thromchúiseach a chomhrac.

Ansin, tugann an Chúirt Breithiúnais le fios nach gcuirtear toirmeasc leis an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach ná le haon ghníomh eile de chuid dhlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta, ar chuspóir di an choireacht thromchúiseach a chomhrac, faoina bhfuil ceannach modh leictreonach cumarsáide, amhail cárta SIM réamhíoctha, faoi réir fíorú doiciméad oifigiúil lena bhfionntar céannacht shibhialta an cheannaitheora agus an fhaisnéis a thagann as a chlárú ag an díoltóir, lena gceanglaítear ar an díoltóir, más iomchuí, rochtain ar an bhfaisnéis sin a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla.

Ar deireadh, tugann an Chúirt Breithiúnais dá haire nach gcuirtear toirmeasc ar na húdaráis náisiúnta inniúla leis an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach beart caomhnaithe brostaithe a ordú ón gcéad chéim den imscrúdú ar bhagairt thromchúiseach do shlándáil an phobail nó ar eachtra choireachta thromchúiseach a d’fhéadfadh a bheith ann, eadhon ón uair a fhéadfaidh na húdaráis sin, i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta, imscrúdú den sórt a thionscnamh. Féadfar beart den sórt sin a leathnú go dtí sonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le daoine seachas iad siúd faoina bhfuil drochamhras go bhfuil cion coiriúil tromchúiseach nó ionsaí ar an tslándáil náisiúnta beartaithe acu, ar an gcoinníoll go bhféadfaí sonraí den sórt sin, ar bhonn gnéithe oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, cuidiú le cion den sórt sin nó d’ionsaí ar an tslándáil náisiúnta a shoiléiriú, amhail sonraí íospartach an chiona agus sonraí comhluadar sóisialta nó proifisiúnta an íospartaigh sin.

Féadfar na bearta éagsúla sin a chur i bhfeidhm go comhpháirteach, ar rogha an reachtais náisiúnta agus teorainneacha an dianghá á n-urramú chomh maith acu. (92)

Diúltaíonn an Chúirt freisin don argóint gur cheart go mbeadh na húdaráis náisiúnta inniúla in ann rochtain a fháil, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac, ar shonraí tráchta agus ar shonraí suímh arna gcoinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir lena cásdlí chun bagairt thromchúiseach don tslándáil náisiúnta a chomhrac atá iarbhír faoi láthair nó go bhféadfaí a thuar. Go deimhin, fágann an argóint seo go mbraitheann rochtain ar shonraí den sórt sin ar imthosca nach mbaineann leis an gcuspóir coireacht thromchúiseach a chomhrac. Thairis sin, de réir na hargóintí sin, d’fhéadfaí go mbeadh údar maith le rochtain ar chuspóir nach bhfuil chomh tábhachtach céanna leis an gcuspóir a thug údar le stóráil na sonraí, eadhon an tslándáil náisiúnta a choimirciú, rud a thiocfadh salach ar an ordlathas cuspóirí leasa phoiblí faoina gcaithfear comhréireacht beart coinneála a mheas. Thairis sin, bheadh baol ann go mbainfí aon éifeacht úsáideach den toirmeasc ar stóráil ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach chun coireacht thromchúiseach a chomhrac dá gceadófaí rochtain dá sórt.

Ar an tríú dul síos, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go gcuirtear toirmeasc le dlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear gur faoi chomhalta de chuid na bpóilíní atá sé na hiarrataí ar rochtain ar shonraí a choinnítear a phróiseáil ar bhealach láraithe, a eisíonn na póilíní i gcomhthéacs cionta coiriúla tromchúiseacha a imscrúdú nó a ionchúiseamh, fiú nuair atá cúnamh ag an gcomhalta sin ó aonad atá bunaithe laistigh den fhórsa póilíneachta ag a bhfuil

neamhspleáchas aige i mbun a dhualgas go pointe áirithe agus a bhféadfaí grinnscrúdú breithiúnach a dhéanamh ar a chinneadh ina dhiaidh sin. Dá réir sin, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais a cásdlí ar dá réir, chun a chinntiú de, i gcleachtas, go gcomhlíontar na dianchoinníollacha maidir le rochtain ar shonraí pearsanta amhail sonraí tráchta agus sonraí suímh ina n-iomláine, ní mór go mbeadh rochtain ag na húdaráis náisiúnta inniúla ar shonraí a choinnítear faoi réir grinnscrúdú roimh ré arna dhéanamh ag cúirt nó ag comhlacht riaracháin neamhspleách agus go ndéanfar cinneadh na cúirte nó an chomhlachta sin sna sála ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó na húdaráis sin a ndéantar, *inter alia*, i gcomhthéacs imeachtaí maidir le cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a ionchúiseamh. Ina dhiaidh sin féin, ní ionann comhalta de chuid na bpóilíní agus cúirt agus ní thíolacann a leithéid de chomhalta na cosaintí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a dhéanfadh eintiteas riaracháin neamhspleách de.

Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais a cásdlí dá réir go gcuirtear toirmeasc ar chúirt náisiúnta teorainn a chur leis na héifeachtaí ama ar dhearbhú atá fúithi de réir dlí náisiúnta go bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach neamhbhailí, as siocair neamhréireacht na reachtaíochta sin le Treoir 2002/58.

**Mar sin, cuireann an Chúirt Breithiúnais in iúl gur faoin dlí náisiúnta atá inghlacthacht na fianaise a fhaightear tríd an gcoinneáil sin, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta na mBallstát de, faoi réir phrionsabal an chomhionannais agus phrionsabal na héifeachtachta, *inter alia*, a chomhlíonadh.**

---

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355*

*Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó: "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106*